**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**

SCRÚDÚ AN TEASTAS SHÓISEARAIGH 2001

# Ealaín, Ceardaíocht, Gréaschóiriú – Tionscadal
Ardleibhéal

Á eisiúint d'Oidí Ealaíne agus do Mhic Léinn um Ealaín, Cheardaíocht, Ghréaschóiriú 11ú DEIRE FÓMHAIR 2000.

Ní mór an tionscadal a bheith críochnaithe faoin 7ú Bealtaine, 2001

An t-íosmhéid ama a mholtar : 42 uair

## Tá 300 marc ag dul don dtionscadal

80 marc – ULLMHÚCHÁN: Taighde agus fiosrúchán ag baint úsáid as meán éagsúla.
80 marc – FORBAIRT: Staidéir a léiríonn smaointe cruthaitheacha indibhidiúla.
100 marc – RÉADÚ: Na saothair 2D agus 3D críochnaithe.
40 marc – STAIDÉIR TACAÍOCHTA: Obair radharcach agus scríofa atá bainteach leis an tionscadal.

**TÉAMAÍ –** Roghnaíodh iarrthóirí **CEANN AMHÁIN**

1. Samhlaigh!
2. Domhan Nua Calma
3. Marthanas
4. Am Sosa
5. Oibrithe
6. Cúpla ceann de na rudaí is fearr liom is ea iad seo.

## Treoracha d'Iarrthóirí

Is féidir do smaoineamh a fhorbairt ag tosú duit ó fhoinsí 2D, 3D nó ó Staidéar Tacaíochta agus breathnóireacht dhíreach nó samhlaíocht nó teaglaim den dá shórt á fheidhmiú agat. Is cuid riachtanach den tionscadal AN STAIDÉAR ULLMHÚCHÁIN agus ní mór íomhánna samhailteach nó breathnaitheach an iarrthóra a bheith faoi iamh. Ní ghlacfar le cóipeáil/rianú amháin.

DÉAN DEIMHIN de go bhfuil d'uimhir scrúdaithe ar taispeáint go soiléir ar gach cuid den obair a chuirtear i láthair. Cuir lipéad ar gach bileog a chuirtear i láthair agus ar an lipéad gumaithe a bheidh ann chuige sin scríobh síos an ceannteideal cuí.

NÍ DHÉANFAR scrúdú ach ar 11 mbileog A2. Ní cóir ach sraith amháin d'obair ealaíne a chur ar gach bileog.

NÁ DÉAN obair ar bith ar chúl bileoige.

## An Tionscadal

Réimsí staidéara a éilítear

**Staidéar um 2D**
**Staidéar um 3D**
**Rogha**
**Staidéar Tacaíochta**

Is féidir leat do chuid oibre do na réimsí staidéara a éilítear a tháirgeadh in aon ord gur mian leat. Agus píosa oibre críochnaithe agat is gá duit an staidéar ullmhúchán cuí a thaispeánann bunús agus forbairt na hoibre a ghreamú ar bhileog pháipéir líníochta 59cm x 42cm (A2) ar a mhéad.

## Staidéar um 2D

**Péintéireacht**
Déan péintéireacht atá bunaithe ar do phointe tosaigh.
Is féidir feidhm a bhaint as ábhar meascaithe.

**AGUS**

**Gréaschóiriú Grafach**
Dear agus déan ceann amháin díbh seo a leanas atá bunaithe ar do phointe tosaigh

1. **Póstaer**
2. **Clúdach Físeáin**
3. **For-chlúdach Leabhair**
4. **Stampa Poist**
5. **Clúdach Taifid**
6. **Clúdach CD**
7. **Lógó**
8. **Bróisiúr**

Ní féidir dul thar 59cm x 42cm (A2) mar uasmhéid na péintéireachta agus an ghréaschóirithe ghrafaigh.

**Staidéar Tacaíochta don 2D**
Is féidir staidéar tacaíochta a bheith i bhfoirm radharcach agus i bhfoirm scríofa agus ba chóir go mbeadh ceangal idir é agus an réimse seo de do thionscadal agus ba chóir go neartódh sé é. Ba chóir an roghnú deireanach díbh seo a ghreamú ar bhileog pháipéar 59cm x 42cm (A2) ar a mhéad. Níor chóir ach sraith amháin d’obair ealaíne a chur ar gach bileog A2.

## Staidéar um 3D

Forbair smaoineamh atá bunaithe ar do phointe tosaigh agus slánaigh é trí feidhm a bhaint as ceann amháin nó as teaglaim ar bith díbh seo a leanas:

1. **Múnlóireacht**
2. **Snoíodóireacht**
3. **Tógáil**

Maidir le toisí an phíosa oibre ní féidir dul thar 80cm i gcás an toise is mó.

## Roghanna

Dear agus déan, as do phointe tosaigh roghnaithe á leanúint mar bhonn agat **ROGHA AMHÁIN** díbh seo a leanas:

| | Uasmhéid | Uasluach i dtoise ar bith | |
|---|---|---|---|
| **Baitic** | 59x42cm (A2) | **Miotalóireacht Ealaíne** | 26cm |
| **Blocphriontáil** | 59x42cm (A2) | **Snoíodóireacht** | 26cm |
| **Eitseáil** | 59x42cm (A2) | **Múnlóireacht/Teilgean** | 26cm |
| **Leabharcheardaíocht** | 59x42cm (A2) | **Pacáistíocht** | 26cm |
| **Peannaireacht** | 59x42cm (A2) | **Criadóireacht/Cerimeacht** | 26cm |
| **Bróidnéireacht** | 59x42cm (A2) | **Puidéadracht** | 60cm |
| **Fabraicphriontáil** | 59x42cm (A2) | | |
| **Scáthlánphriontáil** | 59x42cm (A2) | | |
| **Fiodóireacht** | 59x42cm (A2) | | |

Tá sé thar a bheith tábhachtach cloí i ngach cás leis na huastoisí a sonraíodh maidir leis na roghanna thuas.

## Staidéar Tacaíochta don 3D agus don Rogha

Is féidir staidéar tacaíochta a bheith i bhfoirm radharcach agus i bhfoirm scríofa agus ba chóir go mbeadh ceangal idir é agus an réimse seo de do thionscadal agus ba chóir go neartódh sé é. Ba chóir an roghnú deireanach díobh seo a ghreamú ar bhileog pháipéir 59cm x 42cm (A2) ar a mhéad. Níor chóir ach sraith amháin d’obair ealaíne a chur ar gach bileog A2.

| | |
|---|---|
| | **Liosta seiceála don Ardleibhéal** |

| | |
|---|---|
| **1.** | **Ullmhúchán don phéintéireacht** |
| **2.** | **Péintéireacht shlánaithe.** |
| **3.** | **Ullmhúchán don ghréaschóriú grafach.** |
| **4.** | **Gréaschóriú grafach slánaithe.** |
| **5.** | **Staidéar tacaíochta don phéintéireacht agus don ghréaschóiriú grafach.** |
| **6.** | **Ullmhúchán don 3D.** |
| **7.** | **An 3D slánaithe.** |
| **8.** | **Ullmhúchán don rogha (2D nó 3D)** |
| **9.** | **Rogha (2D nó 3D) slánaithe.** |
| **10.** | **Staidéar tacaíochta don 3D agus don rogha.** |
| **11.** | **Líníocht ar fhoirmeacha nádúrtha/saorga** |
| **12.** | **Líníocht ar fhoirmeacha daonna** |
| | **Uimhir Scrúdaithe** |
| | **Uimhir Scrúdaithe** |

**AON BHILEOG DÉAG ar a mhéad a bheith faoi iamh. Ní mór na bileoga sin a chur sa chlúdach atá curtha ar fáil ag Brainse na Scrúdaithe, An Roinn Oideachais agus Eolaíocht. Ní mór an obair 3D a bheith ar barr.**